# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 28

## Gnóthaí Eachtracha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €16.73 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi bheartais agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in imlitir 20 de 2024, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm roinnt de Chaighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach tógála talún agus foirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar chleachtadh luachála a dhéantar gach seacht mbliana, chomh maith le nithe breise agus feabhsúcháin ina dhiaidh sin ar thalamh agus ar fhoirgnimh ar chostas. Is é an modh athluachála a úsáideadh an luach margaidh atá ann faoi láthair bunaithe ar choinníollacha margaidh áitiúil.

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a ghearradh de réir CGAS 17 agus CGAS 31, faoi seach.

Is iad seo a leanas saolré ionchais agus rátaí gaolmhara na mór-aicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta dímheasa* |
|---|---|---|
| Feithiclí | 5 bliana | 20% |
| Trealamh oifige agus TF | 5-10 mbliana | 10 - 20% |
| Daingneáin agus feistis | 10 mbliana | 10% |

***Idirbhearta rátaí malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí coigríche go euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa. Aithnítear difríochtaí malairte neamhréadaithe a eascraíonn as athluacháil iarmhéideanna airgeadra eachtraigh dheireadh na bliana, ar ráiteas staid airgeadais dheireadh na bliana.

***Speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí, fardail agus ceangaltais ag misin taidhleoireachta***

Ní áirítear sna speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí, fardail agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin taidhleoireachta na Roinne seachas iad sin a bhaineann le réadmhaoin ar léas.

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtugtar faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

***Dearbhú maidir le seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte párolla, costais agus feidhm acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18). Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as rialú a oibriú laistigh de na hionaid seirbhíse comhroinnte.

Chuir Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dhearbhaithe ar fáil dom maidir leis na socruithe ar rialú inmheánach agus ar iniúchóireacht, chomh maith le tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar oibriú rialuithe le linn 2024. Tá muinín agam sa chóras rialaithe sin, mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Coinníodh taifead de nósanna imeachta na bpríomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Dualgais á ndeighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta ann.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmiúla i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochtaithe dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm Iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Tá sonraí faoi 51 conradh neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte ábhartha, cé is moite de cheithre chonradh (os cionn €25,000 gan CBL san áireamh), a raibh luach €452,190 leo san iomlán (CBL san áireamh).

- Cuireadh síneadh le trí chonradh (€177,968), a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas tairisceana iomaíoch, thar dháta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch. Tá na conarthaí sin á n-athbhreithniú ag an Roinn faoi láthair.
- Cuireadh conradh amháin i gcrích le haghaidh chluasáin TFC, scáileáin mhóra de ghrád tráchtála agus míreanna coimhdeacha chun freastal ar fhorbairt nua oifige Chearnóg an Easpaig, riachtanais eile na ceanncheathrún agus misin idirnáisiúnta ar luach €274,222 trí phraghsáil phacáiste do riachtanais éagsúla na Roinne. Eiseofar tairiscint do na hearraí agus do na seirbhísí comhcheangailte sin in 2025.

***Comhlíontacht cánach misean***

Is é polasaí na Roinne cloí le hoibleagáidí cánach agus árachais shóisialta áitiúil ina mbíonn misin lonnaithe. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an tAonad Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne sa cheanncheathrú agus trí chuairteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíontacht le cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misean i bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí na Roinne. Áiríonn an Roinn treoir ar rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí, ar a n-úinéireacht agus ar na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí ardleibhéil atá roimh an roinn agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta na rioscaí sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh don bhainistíocht, don Choiste Bainistíochta Riosca agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais***

*Comhlíonadh cánach*

Rinne an Roinn nochtadh gan spreagadh do na Coimisinéirí Ioncaim in 2025 maidir le gearríocaíocht ar mhuirear sochair chomhchineáil (BIK) as turais tacsaí. Bíonn turais tacsaí ag teastáil ó chohórt beag foirne ar chúiseanna oibríochtúla agus sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hoscailt agus dúnadh foirgneamh lasmuigh de na príomhuaireanta. Cuireadh beart i bhfeidhm le linn phaindéim Covid-19 a chuir deireadh leis an gceanglas BIK a íoc ar na turais tacsaí sin.

Mar sin féin, nuair a chuaigh an díolúine sin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in éag, níor chuir an Roinn tús leis an gcleachtas arís. Rinne an Roinn íocaíocht €32,809 leis na Coimisinéirí Ioncaim lena n-áirítear ús ar íocaíocht dhéanach de €4,191 agus tosaíodh ar an gcleachtas arís in 2025.

Níor sainaithníodh aon laige eile, a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa, sa rialú inmheánach i ndáil le 2024.

**Joe Hackett**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Gnóthaí Eachtracha

1 Lúnasa 2025

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha
## Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Lúnasa 2025

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**

***Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta***

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

***Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Spriocanna beartais eachtraigh na hÉireann a chur chun cinn | | | | |
| | *Bunaidh* | 285,175 | | | |
| | *Forlíontach* | 93,300 | | | |
| | | | 378,475 | 375,564 | 342,811 |
| B | Seirbhís na bPasanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 52,616 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | 57,616 | 54,016 | 47,962 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 337,791 | | | |
| | *Forlíontach* | 98,300 | | | |
| | | | **436,091** | **429,580** | **390,773** |
| *Lúide* | | | | | |
| C | **Leithreasaí i gCabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 65,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | **75,000** | **85,219** | **74,706** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 272,791 | | | |
| | *Forlíontach* | 88,300 | | | |
| | | | **361,091** | **344,361** | **316,067** |

### Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **16,729,989** | **7,811,297** |

**Joe Hackett**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Gnóthaí Eachtracha

27 Márta 2025

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas clár | | 150,234 | 138,966 |
| Pá | | 143,168 | 129,345 |
| Neamhphá | | 136,178 | 122,462 |
| **Ollchaiteachas** | | **429,580** | **390,773** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **85,219** | **74,706** |
| **Glanchaiteachas** | | **344,361** | **316,067** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (12,860) | | |
| Dímheas | 793 | | |
| Diúscairtí – airgead tirim | 7,031 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (36) | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (2,348) | | |
| | | (7,420) | (20,775) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhardail | 605 | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (26,186) | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 6,424 | | |
| | | (19,157) | (4,863) |
| **Caiteachas díreach** | | **317,784** | **290,429** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 33,295 | 31,580 |
| Measchíosanna | | 2,992 | 3,311 |
| **Glanchostas clár** | | **354,071** | **325,320** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

I ndáil le Vóta 28 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 82 | 80 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 26,345 | 24,574 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,033 | 6,110 |
| Vóta 18 | Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 206 | 220 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 89 | 81 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 206 | 272 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 410 | 417 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a chuirtear ar fáil do Vóta 1 (bunú an Uachtaráin) | | (76) | (174) |
| | | **33,295** | **31,580** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 224,875 | 219,012 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 2,993 | 645 |
| | | **227,868** | **219,657** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardail | 2.4 | 7,816 | 8,421 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 39,367 | 13,181 |
| Iarmhéideanna dochair | 2.6 | 10,037 | 8,604 |
| | | **57,220** | **30,206** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 7,781 | 4,537 |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 8,474 | 2,050 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 880 | 4,401 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 1,376 | (334) |
| | | **18,511** | **10,654** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **38,709** | **19,552** |
| **Glansócmhainní** | | **266,577** | **239,209** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.10 | **266,577** | **239,209** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

| | Foirgnimh | Feithiclí | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2024 | 199,202 | 3,349 | 33,352 | 4,996 | 16,524 | 257,423 |
| Suimeanna Breise | 7,777 | 485 | 847 | — | 3,751 | 12,860 |
| Diúscairtí | (6,994) | (246) | — | (1,009) | — | (8,249) |
| Aistrithe á bhforbairt | — | — | 334 | — | (334) | — |
| Aistrithe ó Vóta 27 [a] | — | — | — | — | 791 | 791 |
| Coigeartú [b] | — | — | (3,606) | (1,818) | — | (5,424) |
| Ag 31 Nollaig 2024 | 199,985 | 3,588 | 30,927 | 2,169 | 20,732 | 257,401 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2024 | — | 2,476 | 31,797 | 4,139 | — | 38,412 |
| Dímheas don bhliain | — | 360 | 400 | 33 | — | 793 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (246) | — | (1,009) | — | (1,255) |
| Coigeartú [b] | — | — | (3,606) | (1,818) | — | (5,424) |
| Ag 31 Nollaig 2024 | — | 2,590 | 28,591 | 1,345 | — | 32,526 |
| **Glansócmhainní** | | | | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2024** | **199,985** | **998** | **2,336** | **824** | **20,732** | **224,875** |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 199,202 | 873 | 1,555 | 857 | 16,525 | 219,012 |

Nóta [a] In 2024, aistríodh táillí dearaidh agus costais eile maidir le tionscadal tógála in Abuja ar luach €791,000 san iomlán a gearradh ar Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta go Vóta 28 toisc go bhfuil an tionscadal á bhainistiú agus á mhaoiniú ag Vóta 28.

[b] Baineadh sócmhainní ar fiú €5.424 milliún san iomlán iad, a chosain níos lú ná €10,000 ar dtús agus a bhfuil glanluach nialasach de réir na leabhar acu, as sócmhainní caipitil in 2024 de réir chiorclán 21/20.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus atá á bhforbairt | Sócmhainní arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2024 | 31,516 | 645 | 32,161 |
| Suimeanna Breise | — | 2,348 | 2,348 |
| Ag 31 Nollaig 2024 | 31,516 | 2,993 | 34,509 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag 1 Eanáir 2024 | 31,516 | — | 31,516 |
| Amúchadh don bhliain | — | — | — |
| Ag 31 Nollaig 2024 | 31,516 | — | 31,516 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag 31 Nollaig 2024** | **—** | **2,993** | **2,993** |
| Ag 31 Nollaig 2023 | — | 645 | 645 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | (40,816) | (31,701) |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 4,309 | 5,833 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin | 28,726 | 21,331 |
| | **(7,781)** | **(4,537)** |

## 2.4 Fardail

| ag 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Leabhair phas agus cártaí pas | 7,778 | 8,381 |
| Stoic phrótacail | 38 | 40 |
| | **7,816** | **8,421** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Léasanna misin | 2,574 | 1,283 |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 33,182 | 7,237 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 3,611 | 4,661 |
| | **39,367** | **13,181** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais roinne agus gníomhaireachta | 5,585 | 4,599 |
| Cuntais óinchiste agus fionraí pearsanta | 1,816 | 1,514 |
| Aisdiúchiú | 120 | 121 |
| Cuntais rialaithe párolla | 624 | 603 |
| Féichiúnaithe consalachta oinigh | (86) | 70 |
| Iarmhéideanna eile | 1,978 | 1,697 |
| | **10,037** | **8,604** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe riaracháin | 2,268 | 1,571 |
| Fabhruithe párolla (nóta 2.13) | 5,770 | — |
| Fabhruithe clár | 380 | 316 |
| Fabhruithe taistil agus cothaithe | 56 | 163 |
| | **8,474** | **2,050** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,586 | 1,522 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,299 | 1,219 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 332 | 332 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 7 | 8 |
| Cáin bhreisluacha | 49 | 54 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 161 | 153 |
| | 3,434 | 3,288 |
| | | |
| Difríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe [a] | (169) | — |
| Ilchreidiúnaithe | (2,385) | 1,113 |
| | (2,554) | 1,113 |
| | | |
| | **880** | **4,401** |

Nóta [a] Ó 2024 i leith, déileáiltear le difríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe mar ráiteas ar ghluaiseacht an staide airgeadais.

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 16,730 | 7,811 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (15,354) | (8,145) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **1,376** | **(334)** |
| | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 10,037 | 8,604 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (7,781) | (4,537) |
| Dlite don stát | (3,434) | (3,288) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2,554 | (1,113) |
| | (8,661) | (8,938) |
| | **1,376** | **(334)** |

## 2.10 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 239,209 | 214,974 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 361,091 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (16,730) | | |
| Glanvóta | | | 344,361 | 316,067 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 33,295 | 31,580 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Glanchoigeartuithe sócmhainní caipitil | 2.1 | | 791 | (1,185) |
| Díscríobh sócmhainní doláimhsithe | | | — | (218) |
| Measchíosanna | 1 | | 2,992 | 3,311 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (354,071) | (325,320) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **266,577** | **239,209** |

## 2.11 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Tiomantais lánchuimsitheacha** | **€000** | **€000** |
| ag 31 Nollaig | | |
| Gealltanais léasa | 66,167 | 119,807 |
| **Iomlán** | **66,167** | **119,807** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Cé gur dócha dliteanais theagmhasacha i ndáil le cásanna dlíthiúla, níor aithníodh iad sa chuntas leithreasa (i.e. luach nialasach a bhí orthu) toisc nach bhféadfaí na méideanna a bhí i gceist a mheas go hiontaofa go dtí go raibh na cásanna críochnaithe agus is dóigh nach raibh siad ábhartha.

## 2.13 Tionchar na n-athruithe ar bheartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Ina theannta sin, tá an chóireáil ar dhifríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe curtha i gcomhréir le CGAS 4 - Éifeachtaí athruithe ar rátaí malairte eachtraí atá le cur i bhfeidhm in 2025.

Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar chomhardú maoinithe an Stáit.

| ag 31 Nollaig | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Difríochtaí rátaí malairte neamhréadaithe [a] | 169 |
| Fabhrú párolla [b] | (3,359) |
| Fabhrú saoire [b] | (2,411) |
| | **(5,601)** |

Nóta [a] CGAS 4 Éifeachtaí na nAthruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí

[b] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | | €000 | €000 | | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 137,883 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | | | | |
| | | | 141,883 | 143,168 | | 129,345 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 8,300 | 8,691 | | 8,684 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | 1,200 | 1,342 | | 1,203 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,300 | | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | | | | |
| | | | 17,300 | 18,054 | | 14,314 |
| v | Infheistíocht chaipitil digití agus costais TF | | 22,735 | 21,574 | | 22,551 |
| vi | Costais áitribh | | | | | |
| | *Bunaidh* | 59,517 | | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | | |
| | | | 69,517 | 67,715 | | 59,572 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde | | 100 | 81 | | 58 |
| viii | Tacaíochtaí i ndáil le postú | | | | | |
| | *Bunaidh* | 16,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | | |
| | | | 18,000 | 18,721 | | 16,080 |
| | | | **279,035** | **279,346** | | **251,807** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) sa chaiteachas riaracháin.

iv **Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí, agus trealamh ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €13.3 milliún; olltoradh €18.054 milliún*

Bhí an méadú ar chaiteachas san fhotheideal seo tiomáinte go príomha mar gheall ar an ngá le pasleabhair bhreise a fháil chun freastal ar an éileamh. Cuireadh meastachán forlíontach ar fáil chun an caiteachas breise sin a chlúdach.

## Clár A - Spriocanna beartais eachtraigh na hÉireann a chur chun cinn

| | | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 115,417 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | | 118,417 | 119,979 | 107,140 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 101,002 | | | |
| | | *Forlíontach* | 12,000 | | | |
| | | | | 113,002 | 115,038 | 106,330 |
| A.3 | Athmhuintearas agus comhar Thuaidh-Theas | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,845 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,300 | | | |
| | | | | 14,145 | 12,939 | 4,959 |
| A.4 | Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | | | 4,650 | 4,150 | 6,650 |
| A.5 | Tacaíocht don diaspóra | | | 16,495 | 17,515 | 18,651 |
| A.6 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí iltaobhacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 18,132 | | | |
| | | *Forlíontach* | 74,000 | | | |
| | | | | 92,132 | 88,062 | 79,267 |
| A.7 | Bearta chun tacú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh | | | 418 | 414 | 333 |
| A.8 | Bearta chun tacú le méadú an Aontais agus le cearta bunúsacha san Eoraip | | | 1,000 | 960 | — |
| A.9 | Rannpháirtíocht AE | | | 2,215 | 1,996 | 2,068 |
| A.10 | Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus Idirnáisiúnta | | | 4,000 | 3,743 | 2,881 |
| A.11 | Éire a Chur Chun Cinn | | | 9,116 | 8,172 | 9,448 |
| A.12 | Cumarsáid | | | 2,402 | 2,165 | 2,395 |
| A.13 | Coimisiún Fulbright | | | 404 | 404 | 404 |
| A.14 | Cúnamh éigeandála consalachta | | | 79 | 27 | 85 |
| A.15 | Coigeartú ar chúlchiste an Bhreatimeachta | | | — | — | 2,200 |
| | | | | **378,475** | **375,564** | **342,811** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachais neamh-riaracháin chláir (+/5% agus €100,000).

**A.3 Athmhuintearas agus comhar Thuaidh-Theas**

*Soláthar meastacháin €9.845 milliún; olltoradh €12.939 milliún*

Íocadh €4.375 milliún le hOllscoil Cambridge chun ollúnacht i stair na hÉireann a bhunú a maoiníodh le meastachán forlíontach.

**A.4 An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn**

*Soláthar meastacháin €4.65 milliún; olltoradh €4.15 milliún*

Bhí gealltanais an Rialtais don Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI) chun tacú le straitéis phobail nasctha an IFI beagán níos lú ná mar a bhíothas ag súil nuair a socraíodh an buiséad.

**A.5 Tacaíocht don diaspóra**

*Soláthar meastacháin €16.495 milliún; olltoradh €17.515 milliún*

Tá an scéim deontais seo á tiomáint ag éileamh, rud a fhágann go bhfuil sé dúshlánach líon na n-iarratas in aon bhliain amháin a thuar. Tacaíonn sé le pobail diaspóra na hÉireann ar fud an domhain, cabhraíonn sé le soláthraithe seirbhíse líne thosaigh, agus maoiníonn sé tionscadail phobail, chultúrtha agus oidhreachta.

**A.6 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí iltaobhacha**

*Soláthar meastacháin €18.132 milliún; olltoradh €88.062 milliún*

Tharla farasbarr €69.93 milliún ar an méid a cuireadh ar fáil ar dtús mar gheall go príomha ar íocaíochtaí méadaithe €41.9 milliún isteach sa tSaoráid Eorpach Síochána (lena n-áirítear réamhíocaíochtaí €30 milliún i leith ranníocaíochtaí 2025) agus €30.8 milliún do ranníocaíochtaí éigeantacha measúnaithe na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe. Maoiníodh é sin le meastachán forlíontach.

**A.9 Tiomantas an AE**

*Soláthar meastacháin €2.215 milliún; olltoradh €1.996 milliún*

Bhí an fotheideal seo beagán níos lú ná an soláthar measta de €219,000 mar gheall ar mhoill ar iarratais ar mhaoiniú a chur isteach.

**A.10 Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €4 milliún; olltoradh €3.743 milliún*

D'eascair an tearc-chaiteachas seo mar gheall ar mhoill bheag ar iarratais ar mhaoiniú. Léiríonn toradh 2024 méadú suntasach ar chaiteachas 2023.

**A.11 Éire a Chur Chun Cinn**

*Soláthar meastacháin €9.116 milliún; olltoradh €8.172 milliún*

D'eascair an tearc-chaiteachas de €944,000 go príomha mar gheall ar thearc-chaiteachas in 2024 a bhaineann le Expo Osaka 2025 sa tSeapáin.

**A.12 Cumarsáid**

*Soláthar meastacháin €2.402 milliún; olltoradh €2.165 milliún*

Bhí an caiteachas €237,000 taobh thiar den soláthar measta mar gheall ar mhoill uainiúcháin ar roinnt sonrasc agus roinnt feachtas faisnéise poiblí a chosain níos lú ná mar a bhíothas ag súil ar dtús.

## Clár B - Seirbhís na bPasanna [a]

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 22,466 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | | | |
| | | | 23,466 | 23,189 | 22,205 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,150 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | | | |
| | | | 24,150 | 21,140 | 16,132 |
| B.4 | Teagmhas Covid [b] | | 10,000 | 9,687 | 9,625 |
| | | | **57,616** | **54,016** | **47,962** |

Nóta

[a] Clúdaítear sa ráiteas seo costais dhíreacha (e.g. postas, costais fóntais foirgnimh, costais oibriúcháin etc.) a tabhaíodh in oifigí na bpasanna. Ní áirítear aon leithdháileadh costas indíreach a tabhaíodh sna seirbhísí lárnacha e.g. TFC, AD, airgeadas, seirbhísí corparáide, etc.

[b] Cruthaíodh an fotheideal seo chun cabhrú leis an Roinn an méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar phas tar éis phaindéim Covid-19 a phróiseáil go príomha trí mhaoiniú a chur ar fáil do bhaill foirne séasúracha breise.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí pas, víosa agus seirbhísí consalachta eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 61,570 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,982 | | | |
| | | | 64,552 | 72,071 | 69,979 |
| 2 | Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | | 30 | 2 | — |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | | 700 | 1,725 | 1,094 |
| 4 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 2,200 | 3,489 | 2,816 |
| 5 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 500 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,018 | | | |
| | | | 7,518 | 7,932 | 817 |
| | | | **75,000** | **85,219** | **74,706** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Táillí pas, víosa agus seirbhísí consalachta eile**

*Soláthar meastacháin €61.57 milliún; réadaithe €72.071 milliún*

Sháraigh an t-ioncam an meastachán bunaidh faoi €10.5 milliún, go príomha mar gheall ar an leibhéal ard leanúnach d'iarratais ar phasanna.

**3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta**

*Soláthar meastacháin €700,000; réadaithe €1.725 milliún*

Bhí an t-ioncam €1.025 milliún os cionn na n-ionchas, inchurtha i leith aisíocaíochtaí CBL agus cánach díolacháin níos mó ná mar a bhíothas ag súil ó rialtais eachtracha chuig misin thar lear.

**4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €2.2 milliún; réadaithe €3.489 milliún*

Ba é an toradh a bhí ar an méadú €1.289 milliún ná fáltais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, mar gheall ar chostais phárolla mhéadaithe.

**5 Ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €500,000; réadaithe €7.932 milliún*

Bhain an méadú ar fháltais ilghnéitheacha in 2024 le díol maoine atá lonnaithe in Washington DC.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéis lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | **2,480** | **2,426** |

### 5.2 Pá

| Luach saothair na foirne go léir | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 120,736 | 109,613 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 254 | 380 |
| Liúntais eile | 16,338 | 13,266 |
| Ragobair | 1,853 | 1,839 |
| ÁSPC an fhostóra | 9,553 | 8,484 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 4,121 | 3,923 |
| **Pá iomlán** | **152,855** | **137,505** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 53 | 7 | 25,687 | 36,206 |
| Liúntais eile | 682 | 468 | 117,127 | 94,821 |
| Ragobair | 556 | 45 | 48,343 | 46,618 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 110 | 60 | 55,663 | 49,529 |

## 5.4 Bandaí pá d'fhostaithe na Roinne

Thit líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra ná costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

| Bandaí pá (€) | | An líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 1,232 | 1,137 |
| 60,000 | 69,999 | 116 | 115 |
| 70,000 | 79,999 | 93 | 100 |
| 80,000 | 89,999 | 86 | 74 |
| 90,000 | 99,999 | 67 | 54 |
| 100,000 | 109,999 | 53 | 48 |
| 110,000 | 119,999 | 39 | 59 |
| 120,000 | 129,999 | 44 | 30 |
| 130,000 | 139,999 | 34 | 30 |
| 140,000 | 149,999 | 31 | 30 |
| 150,000 | 159,999 | 21 | 11 |
| 160,000 | 169,999 | 13 | 14 |
| 170,000 | 179,999 | 18 | 8 |
| 180,000 | 189,999 | 5 | 2 |
| 190,000 | 199,999 | 4 | 5 |
| 200,000 | 209,999 | 9 | 3 |
| 210,000 | 219,999 | 3 | 4 |
| 220,000 | 229,999 | 3 | 3 |
| 230,000 | 239,999 | 6 | 1 |
| 240,000 | 249,999 | 1 | 1 |
| 250,000 | 259,999 | 1 | 1 |
| 260,000 | 269,999 | 1 | 1 |
| 270,000 | 279,999 | 1 | 2 |
| 280,000 | 289,999 | — | 1 |
| 290,000 | 299,999 | 2 | — |
| 300,000 | 309,999 | 1 | — |

### 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 238 | 227 |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse. Is comhalta den scéim pinsean roimh 1995 an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

### 5.6 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán de €26,804. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Fostaíodh beirt neamh-státseirbhíseach ar bhonn táillí ar chostas iomlán €11,185.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 209 | 434,510 | 191,477 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 67 | 145,451 | 45,729 |

### 5.8 Scaoilíocaíochtaí

| ag 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scaoilíocaíocht agus iomarcaíocht | 19 | 57[a] |

Nóta [a] Dhá scaoilíocaíocht, nár nochtadh i gcuntas 2023.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn/Oifig i rith na bliana**

| | Éilimh ó | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Eile** | **2024** | **2023** |
| Líon na gcásanna | 5 | 3 | 8 | 17 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne | 58 | — | 58 | 123 |
| Íocaíochtaí ag an Roinn/ thar ceann na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 53 | 18 | 71 | 564 |
| Costais dlí | — | 97 | 97 | 278 |
| Costais eile | 52 | — | 52 | 3 |
| **Iomlán 2024** | **163** | **115** | **278** | **968** |
| Iomlán 2023 | 109 | 859 | 968 | |

Nótaí a Ar an 31 Nollaig 2024, bhí 14 chás dlíthíochta ginearálta gan íoc.

### 6.2 Pionóis i ndáil le híocaíocht mhall

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ús agus cúiteamh | **13,791** | **13,683** |

### 6.3 Díscríobh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas i rith na bliana.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Córas Comhtháite agus Próiseála Pasanna [a] | **—** | **218,230** |

Nóta [a] Rinneadh cinneadh in 2023 gur cheart an conradh le soláthraithe nua Chóras Comhtháite agus Próiseála na bPasanna a thabhairt i gcrích toisc nár comhlíonadh téarmaí an chonartha.